Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway

Cód: QA221
Teideal: **Aiseolas ar Mhodúil agus Cláir**
Dáta: 06/06/2018
Faomhadh: Foghlaim, Teagasc agus Measúnacht

**Cuspóir**
Aiseolas ó mhic léinn maidir le modúil agus cláir

**Cur síos**
Ní mór do gach modúl agus clár in Ollscoil na Gaillimhe aiseolas foirmiúil rialta a lorg ó mhic léinn faoi ghnéithe a bhaineann le léargas na mac léinn ar an modúl agus ar sheachadadh an chláir, ar ionchais, agus/ nó ar a leibhéil rannpháirtíochta. Mar thoradh air sin, beidh plean gníomhaíochta ag léachtóirí agus ag boird na gclár le haghaidh foghlaim fheabhsaithe na mac léinn agus seachadadh iomlán na gcúrsaí. Is é is cuspóir don aiseolas seo:

- Deis a thabhairt do mhic léinn a gcuid tuairimí a chur in iúl maidir leis an taithí atá acu ar an modúl i dtéarmaí teagaisc, eagrúcháin agus gnéithe ábhartha eile;
- Freagracht, rannpháirtíocht agus comhpháirtíocht na mac léinn a chur chun cinn sa phróiseas foghlama;
- Fianaise a chur ar fáil d'fhoirne agus do léachtóirí faoi conas a d'fhéadfaidís seachadadh agus feidhmiú an mhodúil/an chláir a fheabhsú;
- Feabhsú agus nuálaíocht leanúnach a chur chun cinn sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú;

Tá Scoileanna agus Coláistí freagrach as a chinntiú go dtugtar faoi chleachtais aiseolais den sórt sin, go ndéantar gníomhartha cuí (nuair a aithnítear iad) mar fhreagra ar an aiseolas, agus go gcuirtear mic léinn ar an eolas ina dhiaidh sin faoi aon fheabhsuithe nó athruithe a thagann dá bharr.

Suirbhé breise bliantúil náisiúnta is ea Suirbhé na hÉireann ar Rannpháirtíocht na Mac Léinn (ISSE), ar féidir a thorthaí a mhiondealú go dtí leibhéal an disciplín. Is chun leas na hinstitiúide, na gColáistí agus na Scoileanna, na mac léinn agus na foirne a chinntiú go mbíonn an oiread rannpháirtíochta agus is féidir ann leis an ISSE. Ba chóir do na Coláistí agus na Scoileanna breithniú a dhéanamh ar a mhéad is féidir sonraí ISSE a chur ar fáil chun meastóireacht a dhéanamh ar leibhéal an chláir agus ba chóir go mbeifí ag súil go gcríochnóidh gach cohórt mac léinn ábhartha an ISSE.

**Modh & Ionstraim Aiseolais**
Cé go bhfuil raon leathan modhanna ann chun aiseolas a fháil agus anailís a dhéanamh air, caithfidh gach scoil próiseas foirmiúil a leagan síos, ar bhealach leanúnach a éascóidh comparáidí agus anailís a dhéanamh idir modúil agus cláir. I scoileanna móra, má dhéantar bainistíocht ar chláir nó ar chúrsaí a roinnt ar Chinn Disciplín nó ar Stiúrthóirí Cláir, d'fhéadfaí feidhmiú an phróisis aiseolais a roinnt freisin, ach ba cheart go mbeadh na huirlisí agus na cuir chuige a úsáidtear leanúnach ar fud na Scoile agus go mbeadh sonraí agus torthaí foriomlána roinnte leis an gCeann Scoile.

Féadfaidh Déan an Choláiste a cheangal ar gach scoil an nós imeachta aiseolais céanna agus an uirlis chéanna a úsáid i gcás ina meastar gur gá nó gur úsáideach é sin a dhéanamh. I gcás Coláistí a bhfuil disciplíní éagsúla acu, agus sa chás go bhfuil riachtanais chreidiúnaithe sheachtracha le cur san áireamh acu, d'fhéadfadh sé go mbeadh cineálacha éagsúla cur chuige ann.

**Cén uair a bhaileofar aiseolas**

Is féidir aiseolas na mac léinn a bhailiú i lár an tseimeastair (chun fadhbanna a aithint nó moltaí a thabhairt maidir le modúl agus é ar siúl), nó ag deireadh modúil nó cláir.

D'fhéadfadh mic léinn éirí bréan de shuirbhéanna má dhéantar iarrachtaí éagsúla aiseolas a bhailiú. Ba cheart do Scoileanna, do Choláistí agus do dhaoine eile atá ag lorg aiseolais ó mhic léinn, nuair is féidir, na hiarratais sin a chomhordú, líon na suirbhéanna a laghdú, iarratais a uainiú go héifeachtach, agus a chinntiú go bhfuil ceistneoirí gearr agus dírithe ar phríomhghnéithe sonracha.

**Rannpháirtíocht na Mac Léinn**

Cé go bhféadfadh roinnt moltaí úsáideacha teacht ó shuirbhéanna ó líon beag mac léinn, braitheann bailíocht fhoriomlán an aiseolais ghinearálta ar leibhéal na rannpháirtíochta. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go bhfuil sé mar aidhm le cur chuige an Choláiste agus na Scoile maidir le haiseolas ó mhic léinn go bhfreagródh an líon is mó mac léinn is féidir. D'fhéadfaí rannpháirtíocht a mhéadú trí aiseolas a bhailiú le linn ranga, comhordú a dhéanamh thar mhodúil/cláir, agus/nó trí bheith ag obair i gcomhpháirtíocht le hionadaithe ranga chun rannpháirtíocht a chur chun cinn. Leagann sé seo béim ar an tábhacht a bhaineann le heolas a thabhairt do mhic léinn maidir le hathruithe a rinneadh mar thoradh ar a n-ionchur.

Moltar do mhic léinn leas a bhaint as deiseanna aiseolas a thabhairt ar mhodúil, ar chúrsaí, agus ar a gcur chuige foghlama. Is pobal scolártha í an ollscoil ina gcuireann gach ball le forbairt agus le hoibríochtaí na hollscoile. Cuireann ceistneoirí aiseolais a líonadh, ionadaithe ranga a thoghadh, páirt a ghlacadh ar choistí idirchaidrimh mic léinn-foirne, moltaí cuiditheacha a chur ar fáil, agus páirt ghníomhach a ghlacadh sa staidéar, le leas na hinstitiúide agus le feabhas ar chaighdeán. Nuair a bhíonn aiseolas den sórt sin á lorg, ba cheart do mhic léinn (mar a bhítear ag súil leis i gcás suirbhé ar bith) freagra measúil agus cuiditheach a thabhairt, agus gan aon teanga, tuin nó tuairimí míchuí a úsáid.

**Maoirseacht Neamhspleách**

Tá Déin, Cinn Scoile (nó a n-ainmnithe) freagrach as a chinntiú go ndearnadh an próiseas aiseolais agus gur gníomhaíodh air do na modúil agus do na cláir ar fad. Ní mór do léachtóirí fianaise de seo a chur ar fáil ar iarratas ó Dhéan agus ó Chinn Scoile, a fhéadfaidh fianaise bhreise a iarraidh ar mhic léinn chomh maith.

**Tráchtanna Diúltacha**

Ní mór do Dhéin, Cinn Scoile, agus do dhuine ar bith eile atá freagrach as freagraí aiseolais a mhaoirsiú, gníomhú go discréideach nuair a bhíonn aiseolas na mac léinn á athbhreithniú i gcásanna ina bhfuil tráchtanna mí-oiriúnacha, claonta nó pearsanta déanta ag mic léinn agus ba cheart dóibh ainmneacha léachtóirí agus sonraí eile a chur i bhfolach de réir mar is cuí ó gach tuairisc, comhfhreagras, nó aon cháipéisíocht eile a eascraíonn as an bpróiseas.

**Claontacht Inscne**

Ba chóir do scoileanna agus d'aonaid a bheith ar an eolas faoi litríocht fhairsing ar chlaontacht inscne i meastóireachtaí teagaisc, rud a d'fhéadfadh an fhoireann mná a chur faoi mhíbhuntáiste. Dá réir sin, ba cheart uirlisí aiseolais a dhearadh chun an deis is lú a thabhairt do chlaontacht inscne, agus ba cheart machnamh a dhéanamh freisin ar an bhféidearthacht a bhaineann le claontacht neamh-chomhfhiosach a bheith ann agus anailís á déanamh ar fhreagraí.

**Mí-úsáid Sonraí**

D'ainneoin gur gá a chinntiú go bhfuil aon chóras a úsáidtear chun na críche sin ag comhlíonadh Rialacháin maidir le Cosaint Sonraí (agus GDPR) go hiomlán agus go ndéantar na sonraí a bhainistiú go cuí, tá sé tábhachtach freisin a aithint go bhfuil teorainneacha bunúsacha ag baint le suirbhéanna aiseolais ó mhic léinn agus nach dtugann siad ach léargas amháin ar an taithí fhoriomlán foghlama agus ar fheidhmiú cúrsa. Níor cheart na sonraí ná an fhaisnéis a bhailítear a úsáid chun críocha eile seachas an chríoch ar ceapadh chucu iad.

**Gníomhaíochtaí ag teacht chun cinn**

Tá sé tábhachtach go gcuirfí mic léinn (agus an fhoireann ábhartha) ar an eolas faoi aon ghníomhaíochtaí a eascraíonn as aiseolas den sórt sin, nó faoi chinntí eile a thagann chun cinn as comhairliúchán agus an méid a bhí le rá ag mic léinn. Léiríonn sé seo an luach a bhaineann le bheith páirteach agus cinntíonn sé gur gné luachmhar de shaolré seachadta/dearaidh an chúrsa é an próiseas.

**Tuairisc Achomair agus Suirbhé ar Chomhlíonadh**

Cuirfidh gach Ceann Scoile agus Déan tuairisc faoi bhráid Oifig an Mheabhránaí gach bliain chun an méid seo a leanas a chur ar an taifead: Cód an Mhodúil; Modh Aiseolais; Uainiú; Ráta Rannpháirtíochta; Fadhbanna a Aithníodh; Gníomhaíochtaí mar thoradh air; Aiseolas do Mhic Léinn. Tá teimpléad samplach le feiceáil anseo.

D'fhéadfadh an Oifig Feabhais, ó am go ham, 'iniúchadh' a dhéanamh ar a mhéad atá próisis aiseolais i bhfeidhm agus beidh dearbhú ag teastáil uaithi gur leanadh na nósanna imeachta cuí chun a chinntiú go bhfuil an institiúid ag cloí freisin le hionchais na gcreataí cáilíochta náisiúnta agus Eorpacha.

| | Modh Meastóireachta | | | | Amanna | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Modúl | Páipéar | Blackboard | Eile ar Líne | Eile | Lár Seimeastair | Deireadh Seimeastair | Ráta fillte (%) | Fadhbanna a aithníodh | Gníomhaíochtaí | Aiseolas do mhic léinn |
| XYZ171 | | ✓ | | | | ✓ | 70 | Líon ábhar léitheoireachta | Athbhreithnithe don bhliain seo chugainn | ✓ |
| XYZ172 | | | | ✓ | ✓ | ✓ | 35 | Seisiúin phraiticiúla | Measta, ach ní gá aon athrú a dhéanamh | ✓ |
| XYZ173 | ✓ | | | | | | 65 | Gan fadhb shuntasach ar bith | Ní hann dó | ✓ |
| XYZ174 | ✓ | | | | ✓ | | 60 | Leagan amach ranga, spriocdhátaí measúnuithe | Athrú ar leagan amach, sceideal curtha ar fáil níos luaithe an bhliain seo chugainn | ✓ |
| | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | |

**Freagrachtaí**

| Ainm | Freagracht |
|---|---|
| **Comhaltaí Foirne Acadúla Aonair** | • A chinntiú go mbailítear aiseolas ó na mic léinn maidir le gach modúl a bhfuil sé/sí freagrach as, trí úsáid a bhaint as an bpróiseas cuí Scoile/Coláiste.<br>• Aiseolas a athbhreithniú; aon ghníomh a aithnítear a bheith oiriúnach nó úsáideach nó a theastaíonn ón gCeann Scoile a chur i bhfeidhm. |
| **Stiúrthóir Cláir** | • A chinntiú go mbailítear aiseolas ó mhic léinn don chlár, ag baint úsáide as an bpróiseas cuí Scoile/Coláiste. |

| | |
|---|---|
| | • Aiseolas a athbhreithniú (ar mhodúil agus cláir); plean gníomhaíochta a ullmhú agus a chur i bhfeidhm bunaithe ar fhreagraí na mac léinn (nuair a aithnítear gníomh de réir mar is gá)<br>• Mic léinn a chur ar an eolas faoi aon ghníomhaíochtaí nó forbairtí a eascraíonn as an aiseolas a thug siad. |
| **Ceann an Disciplín** | • Maoirseacht a dhéanamh ar na gnéithe sin de phróiseas aiseolais na Scoile/an Choláiste a n-ordaíonn an Ceann Scoile/Déan dóibh a bheith freagrach astu |
| **Ceann Scoile** | • Cáipéis achomair a sholáthar a léiríonn próisis agus nósanna imeachta aiseolais na Scoile do Dhéan an Choláiste agus d'Oifig an Mheabhránaí (cóip don Oifig Feabhais)<br>• A chinntiú go bhfaightear aiseolas ó mhic léinn ar mhodúil agus ar chláir.<br>• Aird chuí a thabhairt ar athruithe a chur i bhfeidhm bunaithe ar an aiseolas nuair is oiriúnach, agus go gcuirtear an méid sin in iúl do mhic léinn.<br>• A chinntiú go bhfuil polasaithe agus nósanna imeachta na Scoile ag cloí go hiomlán le polasaí na hOllscoile, le haon riachtanais maidir le creidiúnú gairmiúil, agus le rialacháin feabhais.<br>• Tuarascáil bhliantúil/cáipéis achomair a chur faoi bhráid an Déin agus an Mheabhránaí (tríd an Oifig Feabhais). |
| **Déan** | • Freagracht fhoriomlán as an bpróiseas aiseolais do mhic léinn agus as comhlíonadh pholasaí na hOllscoile ar fud an Choláiste.<br>• Tá sé de chead aige/aici a cheangal ar gach scoil an nós imeachta aiseolais céanna agus an uirlis chéanna a úsáid i gcás ina meastar gur gá nó gur úsáideach é sin<br>• Athbhreithniú a dhéanamh ar aiseolas na mac léinn le Feidhmeannas an Choláiste, Cinn Scoile/Disciplín/Cláir, agus aon ghníomhaíochtaí a thagann astu a aithint. |
| **CELT** | • Gníomhú mar chomhairleoir do Choláistí, do Scoileanna, do Stiúrthóirí Clár agus do chomhaltaí foirne aonair i dtéarmaí cur chuige maidir le haiseolas, modhanna, agus fadhbanna a bhaineann le feabhsú cúrsaí agus forbairt ghairmiúil<br>• Samplaí d'uirlisí agus de cheistneoirí aiseolais tipiciúla a chur ar fáil<br>• Cuidiú a thabhairt polasaithe gaolmhara a fhorbairt tuilleadh, moltaí a thabhairt bunaithe ar dhea-chleachtas atá ag teacht chun cinn (go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta) agus ar thaighde don AMT agus d'Oifig an Mheabhránaí |
| **An Oifig Feabhais** | • Tuairiscí achoimre a bhailiú ó Scoileanna agus ó Choláistí thar ceann an Mheabhránaí.<br>• Ó am go ham, na próisis sin a iniúchadh ag leibhéal na Scoile, an disciplín, an chláir, nó an Choláiste agus faisnéis a iarraidh maidir leis an gcaoi a bhfuil aiseolas á bhailiú, fianaise ar aiseolas, na modhanna a úsáidtear, agus an chaoi a bhfuiltear ag tabhairt freagra ar an aiseolas sin. |
| **Oifig an Mheabhránaí** | • A chinntiú go gcuirtear aiseolas ar mhodúil agus ar chláir ar chlár oibre an AMT (Foireann Bainistíochta Acadúla) gach bliain chun go mbeidh an deis ann plé a dhéanamh ar fheidhmiú na bpróiseas agus chun aird a tharraingt ar aon fhadhbanna a bhaineann le leibhéal na hollscoile ina hiomláine.<br>• Oibriú le dreamanna eile (Déin, UMT, Oifig Feabhais, cinn seirbhíse tacaíochta, etc.) lena chinntiú go bhfuil acmhainní cuí ar fáil chun tacú le gnáthoibriú an mhodúil agus aiseolas na gcúrsaí. |
| **Mic léinn** | • Moltar dóibh leas a bhaint as deiseanna chun aiseolas a thabhairt ar mhodúil, cúrsaí, agus a gcur chuige foghlama.<br>• Freagra measúil agus cuiditheach a thabhairt, ag seachaint teanga, tuin nó tuairimí míchuí. |